Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7689/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0362(NLE)**

**PECHE 112**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte<br>- Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle an 10 Samhain 2022[1].

2. An 23 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe[2]. D'aontaigh sí an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe a chur chuig Parlaimint na hEorpa, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, lena toiliú a fháil ina leith[3].

3. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ina leith an 29 Feabhra 2024.

[1] 14642/22 + ADD 1.
[2] 15045/22.
[3] 15048/22.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas ag seisiún a bheidh aici amach anseo:

   - an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 15048/22 é, a ghlacadh; agus
   - aird a thabhairt ar an ráiteas a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

5. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE. Seolfar an cinneadh ón gComhairle chuig Parlaimint na hEorpa.